

Conallach Dearsnaitheach Dílis:  
Seán Ó hEochaíd  
Séamas Ó Catháin

**Bhí Seán Ó hEochaíd** (1913–2002), ar dhuine den chéad bhaicle bailitheoirí a ceapadh go gairid i ndiaidh bhunú Choimisiún Béaloideas Éireann sa bhliain 1935. D'oibrí sé leis ina bhailitheoir lánaimseartha uaidh sin go dtí gur éirigh sé as a phost in aois an phinsin sa bhliain 1983. Dá réir sin, ba é ab fhaide agus ba leanúnaí i mbun oibre mar bhailitheoir faoi choimirce an Choimisiúin agus a chomharba, Roinn Bhéaloideas Éireann.

Diomaite de chorr-shleaschéim ghiortach go Connachteibh, ba in Ultaibh agus go mórmhór i bpáirteanna de chontae Dhún na nGall – a chontae dhúchais féin – a shaothraigh sé le limn an achair fhada ama sin. Ní nach ionadh, d'fhág sé sin go raibh ar a chumas bailiúchán ollmhór de bhunábhar béaloidis den scoth a chur le chéile idir lámhscribhinní agus taifeadtaí fuaimé.

Bhí sé ar dhuine de mhór-thiomsaitheoirí an bhéaloidis in Éirinn san fhichiú haois faoi choimirce an Chomisiúin agus faoin Roinn agus, chuile sheans, ar dhuine de mhór-chnuasaitheoirí amhábhair bhéaloidis san Eoraip san am. Seans festa gurb é ab fhéarr ar fad de bhailitheoirí an Choimisiúin ar fad ar fheabhas, ar iomadúlacht agus ar éagsúlacht an bhunábhair a bhailigh sé gan trácht ar a dheismíneacht i mbun pinn agus a chruinneas i mbun tráchtairreachta.

I gCruachlainn, baile fearainn de chuid Theilinn, coirnéal beag cíulriascúil (mar a deireadh sé fein) d'iardheisceart Dhún na nGall a rugadh é sa bhliain 1913. Gan Seán ach ina ghlás-stócach, fágadh a mháthair ina baintreach agus b'éigean dó-san maitheamh a thabhairt do chúrsaí bunscolafochta agus a dhul i gceann na hiascaireachta i d'Teileann na nIasc, mar a thugtar ar an chuid sin de pharóiste Ghleann Colm Cille.

Bhí Pádraig Mac Seáin, uncail leis ina mhúinteoir (agus ina chigire scoile ina dhiaidh sin) agus is dóiche gur faoina thionchar siúd a thoisigh Seán ar scéalta de chuid na comharsantachta inar tógadh é a bhreacadh síos den chéad uair. Chuig an Ghúm a cuireadh an cnuasach a rinne sé i ndúil is go bhfoilseofaí é ach faoi bhráid oifig an Choimisiúin a tháinig an lámhscribhinn sin ar ball. Tamall gearr ina dhiaidh sin arís, bhuaile Séamus Ó Duilearga, Stiúrthóir Oinigh an Choimisiúin nua-bhunaithe, le Seán nuair a thug sé cuairt ar Theileann. Leis sin, bhí an crann curtha agus roinnt seachtainí ina dhiaidh sin ceapadh Seán mar dhuine de chéad oibrithe an Choimisiúin.

Ar a chomarsantacht féin a dhírigh sé ar an chéad dul síos agus é ag dul i mbun a cheirde agus de réir a chéile rinne sé cúram de pharóiste Ghleann Cholm Cille ar fad a bheag nó a mhór. Ba sna 'Cnoic' (mar bhéarfáí ar Oir-Thuaisceart na paróiste sin) a casadh air cantaire mór na laothe Fiannafochta, Séamus Ó hIghne ó Learga na Saorthach, agus i Mín an Chearraigh bhuaile sé le Cathal Ó Baoill, seanchaí iomráiteach ar foilsíodh cuid dá chuid scéalta i mBéaloideas agus in *Síscéalta ó Thír Chonaill* ina dhiaidh sin. Is iomaí cur síos gráimhar a rinne Seán ar na daoine a chuaigh i bpáirt leis i dtóraíocht an traidisiúin, agus tá cuid acu sin i gcló aige i mBéaloideas agus in áiteanna eile.

Shiúil sé áiteacha eile in aice láimhe festa, macasamhail Ard an Rátha agus Inis Caoil agus chuaigh a chónaí thall is abhus iontu sin idir amanna. I ndeireadh na dála, áfach, ba i nGort an Choirce i dtuaisceart na contae a chuir sé faoi go buan nuair a phós sé Annie, níon le Micí Mac Gabhann (*Rotháí Mór an tSaoil*), agus is ansin atá siad curtha beirt.



Seán Ó hEochaidh.  
Grianghraif: Harriet Wetterström, 1947

Anonn sna daicheadaí, i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, ba istigh i ngleann uaigneach faoi scáth na Cruaiche Goirme a chaith sé tréimhse de na tréimhsí ab fhaide ó bhaile aige agus é i mbun bhéaloideas na gCruach a bhailiú ó sheanchaíonna agus amhránaithe móra an cheantair sin. Ba ansin a mhoithigh mise caint ar Sheán den chéad uair ó chuid den seanbhunadh ar ghnách leis a bheith go mion minic ina gcuideachta agus a chrothnáigh uafa go mór é.

Fear de chuid na háite sin, Pádraig Mac Giobúin, a d'inis dom faoin turas a thug scaifte fear de chuid na gCruach siar go Teileann leis i samhradh na bliana 1947 chun lámh chuidithe a thabhairt dó barr féir na bliana sin a shábháil. B'ábhar mór seanchais fá na Cruacha fostá é an chuairt a thug Seán agus Séamus Mac Aonghusa i gcuideachta a chéile ar bhunadh na gCruach i dteach Eoghan Mhicheáil i gCruach Mhín an Fheannnta agus an spórt a lean di.



Bhí suairceas faoi leith ag roinnt le Seán ina phearsantacht agus teacht i láthair pléisíúrtha mar a bheadh sé as broinn leis agus, dá réir sin, bhí cumas thar na bearta ann éirí lách le héinne a mbíodh sé ag plé leis nó léi. Is maith a bhí sé in ann craiceann a chur ar scéal ina bhealach ciúinbhriathrach féin, rud a d'fhág i gcónaí rath ar na hiarrachta a dhéanfadh sé scéalta agus seanchas a mhealladh ó na daoine a mbuailfeadh sé leo. Agus, ar ndóigh, bhí canúint bhog Theilinn agus Gaeilge den scoth aige.

Ba sna ceantracha Gaeltachta i nDún na nGall agus ba i nGaeilge ba mhó ar fad a bhíodh sé ag bailiú – sna Rosa, i gCloich Chionnaola, Toraigh, Ros Goill agus Fánaid, mar aon leis na ceantracha eile atá luaite agam cheana féin. B'annamh leis ábhar Béarla a bhreacadh síos ach amháin nuair ba ghá sin a dhéanamh ar chúis amháin nó ar chúis eile. Is i mBéarla atá an méid a bhailigh sé i gcontae Shligigh ón dream deiridh a raibh cónaí orthu in Inis Muirígh tráth den tsaoil agus bhailigh sé lear mór i mBéarla ó shár-seanchaí ó Chúl Chnoc Leitreach i bparóiste Inis Caoil – Séamus Mac Amhlaoibh – a raibh cónaí air le fada an lá sna Saileasaí i paróiste Inbhir; bíodh is go raibh Gaeilge ó dhúchas aige seo, ba i mBéarla den chuid is mó a roinn sé an saibhreas eolais a bhí aige ar Sheán.

Micheál Ó hIghne, Teileann,  
Co. Dhún na nGall.  
Grianghraif: Haywood Magee, 1946

### COMISIÚN BÉALOIDEASA ÉIREANN

conntae... Tír Conaill barúntact... Báineas  
 paróiste... Gleann Columcille  
 Áitinn an Sgúiochónára... Seán Ó hUigínn  
 Seoltóir an Sgúiochónára... Caoilteann, Tadmon,  
Tír Conaill.  
 Do rípiobair píor an... Seamus ...po ap an...  
 ó Béal-Aircip... Ciaran Ó hUall  
 Aor... e. 60 ...Sapm-beata... feisimise ...atá in a comnúi  
 i mbairte peapáinn... Mín an Ródaire, an Charrach  
 agus a tsolúid agus a tógaí... Mín i Cearabhaig, -  
 Do cuala pé (12) an... Seamus ...po... fad ...bláin ó fín ó... na  
Séandáine... (Aor... Uillap Tim...) a b'í in a comnúi an uair fín  
Mín i Cearabhaig, an Charrach.

### Colm Cille agus an Déirce.

Tá Colm Cille ina comnáí i ndún na nGall,  
 i dTír Conaill. Táimic lá deas re ghréine  
 agus cuaid sé amai de chur moce ar a chuid  
 bláin. D'fág sé an caidín sunnslára ag  
 déanamh réid zoirzín arán nyufe corcach ag  
 an rábla. Táimic gearr boir im doras  
 agus d'farr sé déirce ar an caidín agus  
 dubhainz an caidín leis nai rab óndú aici  
 déirce ar bhrí a iubainz marie de iarráibh  
 ag inbriúiseach. D'farr sé cráig den tsaois  
 uráin agus iug eise agus do. Símbail sé



Is iomaí sin plé a bhí ag fear Theilinn ní hé amháin le bunadh Dhún na nGall ach le cuairteoirí on choigríoch, leithéidí Ludwig Mühlhausen ón Ghearmáin, Joseph Szövérffy ón Ungáir, Jóan Pauli Joensen ó Oileáin Faró agus Einar Ólafur Sveinsson ón Íosláinn, scoláirí ar chaith sé comaoin leo ar iarratas ón Duileargach a chas ina threo iad ar an chéad dul síos. Duine eile acu sin arís ab ea Heinrich Hans Wagner, focleolaí ón Eilbhéis, ar chomhoibrigh Seán leis agus é i mbun *Gaeilge Theilinn* a scríobh agus a ndeachaidh Seán i gcomhair leis agus *Sean-Chainnt Theilinn* agus *Sean-Chainnt na gCruach* á gcur i gceann a chéile acu. Ba cairde cléibh iad mar atá léirithe ag Séan san aiste bhrefá a scríobh sé faoi Heinrich in *Miscellanea Celtaica*, an fhéilscríbhinn a foilsíodh in ómós dó.

Ba é Heinrich ba chúis le Seán a mhealladh thar teorainn isteach go Béal Feirste sna seascaidí chun léacáit a thabhairt do mhic léinn a bhí ag dul don Léann Ceilteach in Ollscoil na Ríona, rud a rinne sé le caoinchead an Duileargaigh. Ba iontach an léargas a thug Seán ar bhéaloideas don dream sin a tháinig ag éisteacht leis agus é ag cur síos ar a ghairm agus a shaothar saoil.

Bhí muinín ag an Duileargach as buanna Sheáin ar an iliomad slí. Bhí sé ar dhuine de bhailitheoirí an Choimisiúin a bhfachas i bprionda cuid dár thiomsaigh siad sa ghort i mBéaloideas. Tráchtas scolártha iad a chuid altanna údarásacha substaintiúla ar chúrsaí iascaireachta (*Seanchas Iascaireachta agus Farraige*), ar chúrsaí caorach (*Seanchas na Caorach*) agus ar éanacha (*Seanchas Éanlaithe Iar-Uladh*) mar shampla, gan trácht ar na seoda beaga *Buailteachas i*

Anna Nic an Luain agus Seán Ó hEochaídh, Na Cruacha, Co. Dhún na nGall, Grianghraif: Caoimhín Ó Danachair, 1949



Niall de Búrca, Joe Mac an Luain, Seán Ó hEochaídh, John Mac an Luain, Joe Beag Mac an Luain, Máire Bean Mhic an Luain agus Pat Mac an Luain, Cruach Mhín an Fhearta sna 1950í.

*dTír Chonaill, Laethe na Seachtmhaine, Tomhaiseanna ó Thír Chonaill agus, gan dabht, an tiomsú is fearr dá bhfuil i gcló de scéalta sí a bhailligh sé agus a cuireadh le chéile in Síscéalta ó Thír Chonaill. I gCnuasach Béaloides Éireann atá fáil ar bhuncháipéisí na bhfoilseachán sin ar fad.*

Agus é ina phinsinéir, níor bhí fhearr le Seán rud ar bith ná a bheith ar a shuaimhneas go suáilceach sa bhaile i nGort an Choirce go háirid i lúb chuideachta in Ostán Mhic Pháidín. Bhí sé ina chomhráiteach bhreá

agus ina *raconteur* den scóth mar is eol d'éinne a chaith seal ina chomhluadar. Níor bhí ionadh ar bith é go raibh sé ina adhmaintchloch ag iriseoirí, craoltóirí, lucht scannánaofchta, filí agus scríbhneoirí a bhíodh go síoraí ag fústráil thart air chun eolas a phiocadh uaidh agus chun inspreagadh agus inspiráid a shúimíneacht as tobar an dúchais a bhí ag cur thar maoil ann.



Tugadh aitheantas poiblí don mhéid sin agus don fhónamh a rinne Seán dá chontae féin agus dá thír nuair a bhronn Ollscoil na hÉireann dochtúireacht *honoris causa* sa Léann Ceilteach air sa bhliain 1988 agus nuair a ceapadh ina Uachtarán ar Oireachtas na Gaeilge i nGleann Cholm Cille é sa bhliain 1992. Níor bheag leis ach oiread an onóir a bhronn bunadh na contae s'aige féin air nuair a roghnaíodh ina Phearsa na Blíana 1994 ag Cumann Thír Chonaill é.

I ndeireadh na dála, níl sa mhéid dár bhailligh sé, a ndearnadh eagarthóireacht air agus a tháinig i bprionda uaidh nó ó dhaointe eile a tharraing as an stór sin, ach sampla comharthach den saibhreas sin ar fad. Is iomaí scéal agus amhrán agus cur síos ar an am atá thart a scríobh sé atá le nochtadh go fóill.

*Seán Ó hEochaíd, who was born and bred in the Irish-speaking district of Teelin in south-west Donegal, joined the Irish Folklore Commission at the age of 22 in 1935. He served as a full-time collector from then until his retirement from the Department of Irish Folklore in 1983. He ranged far and wide across Donegal in search of folklore and penned a number of significant publications based on his outstanding work in the field. His collection is one of the largest and finest of its kind ever assembled in Ireland or elsewhere in Europe. He was awarded the DLittCelt degree 'honoris causa' by the National University of Ireland in 1988.*

Seán Ó hEochaíd agus Séamus Mac Amhlaoibh, Na Saileasai, Leitir Barra, Co. Dhún na nGall. Grianghraif: Leo Corduff, 1956

### Léitheoiréacht bhreise

Mac Gabhann, M., *Rotha Mór an tSaoil*: Seán Ó hEochaídhe a scríobh; (eag.) Proinsias Ó Conluain, Baile Átha Cliath, 1959.

Ó Catháin, S., (eag.) *Síscéalta ó Thír Chonaill: Fairy Legends from Donegal*; collected by Seán Ó hEochaídhe; translated by Máire Mac Néill, Baile Átha Cliath, 1977.

Ó hEochaídhe, S., *Sean-chainnt Theilinn*, Baile Átha Cliath, 1955.

'Sean-Chainnt na gCruach, Co. Dhún na nGall', in *Zeitschrift für celtische Philologie* 29, (1962), 1–90.

'Bualteachas i dTír Chonaill', in *Béaloideas* 13 (1943), 130–58.

'Laethé na Seachtaine', in *Béaloideas* 17 (1947), 131–74.

'Tomhaiseanna ó Thír Chonaill', in *Béaloideas* 19 (1949), 3–28.

'Seanchas lascaireachta agus Farraige', in *Béaloideas* 33 (1965), 1–86.

'Seanchas na Caorach', in *Béaloideas* 37–8 (1969–1970), 131–200.

'Seanchas Éanlaithe lar-Ulladh', in *Béaloideas* 37–8 (1969–1970), 210–318.

'Cuimhní Cinn ar Heinrich Wagner', in Mac Mathúna, S., agus Ó Corráin, A., (eag.), *Miscellanea Celtaica*, Uppsala, 1997, 1–37.

Wagner, H., *Gaeilge Theilinn*, Dublin, 1959.

31

**Séamas Ó Catháin.** Chaith Séamas Ó Catháin tréimhse ag léachtóireacht in Ollscoil Uppsala sa tSualainn agus in Ollscoil na hÉireann Gaillimh sular ceapadh ina Chartlannaí é i Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ceapadh ina Ollamh le Béaloideas Éireann é mar chomharba ar an Oll. Bo Almqvist. Tá cáil ar leith ar a chuid foilseachán ar a bhfuil *Uair a Chloig Cois Teallaigh*, agus *Scéalta Chois Cladaigh* bunaithe ar obair pháirce a rinne sé féin. Ba é ba chionsiocair le cuid mhór scéimeanna a bhunú le béaloideas na hÉireann a bhailiú agus a scaipeadh.

